# FOIRM IARRATAIS AR NASC NUA

## Naisc Neamh-Mhéadraithe, lena n-áirítear Soilsiú Poiblí (Foirm NC4)

esbnetworks.ie

Tá an t-eolas a iarrtar ar an bhfoirm iarratais seo ag teastáil ó ESB Networks CGA le cur ar ár gcumas do nasc soláthair leictreachais a chur ar bun agus a bhainistiú. Mar Oibreoir an Chórais Dáileacháin, tá an t-eolas seo ag teastáil freisin le cur ar chumas ESB Networks CGA an líonra leictreachais a bhainistiú. Is é ESB Networks CGA an rialaitheoir sonraí. Tá ár mbeartas príobháide le fáil ag https://esbnetworks.ie/privacy

**Comhlánaigh GACH cuid i mBLOCLITREACHA**
**Ná fág aon chuid bán; Scríobh N/B mura mbaineann cuid áirithe le hábhar**

**ÚSÁID OIFIGIÚIL AMHÁIN**

Uimhir fógra: ______________________

**1. Ainm iomlán an iarratasóra agus seoladh iomlán an láithreáin a bhfuil na pointí nasctha le soláthar.** (Más cuideachta /comhpháirtíocht/údarás áitiúil atá i gceist, tabhair **ainm iomlán na cuideachta nó an t-ainm trádála iomlán)**. Tabhair do d'aire, má tá tú ag déanamh iarratais thar ceann cliaint (i gcás sainchomhairleoirí), go mbeidh litir údaraithe de dhíth

Teideal: Uas. ☐ Bn. ☐ In. ☐ Cuideachta / Eile ______________________

Uimhir fóin póca: ______________ Líne thalún: ______________

R-phost: ______________________

**2. Seoladh billeála na cuideachta cláraithe**

**3. Ainm agus seoladh teagmhála i gcomhair comhfhreagrais** (Más éagsúil le cuid 1.)

Teideal: Uas. ☐ Bn. ☐ In. ☐ Cuideachta / Eile ______________________

Uimhir fóin póca: ______________ Líne thalún: ______________

R-phost: ______________________

## 4. Custaiméirí reatha amháin

Más bainteach, tabhair an GMPRN ar mian leat na pointí nasctha a chur leis | | | | | | | | | | | |

## 5. Plean láithreáin agus suíomh na bpointí nasctha

Cuir faoi iamh léarscáil ón tSuirbhéireacht Ordanáis (scála 1:2500-1:10560), a léiríonn cá bhfuil do láithreán, agus plean láithreáin (scála 1:100-1:500), a léiríonn cá bhfuil na pointí nasctha.

**Tabhair do d'aire nach bhféadfaimid d'iarratas a phróiseáil gan na léarscáileanna sin.**

## 6 SOLÁTHRÓIR LEICTREACHAIS

Tar éis an meastachán a fháil agus a íoc, ba chóir duit clárú le Soláthróir Leictreachais chomh maith.

**Tá liosta de na soláthróirí leictreachais le fáil ar CRU.ie**

## 7. Lódálacha fardail ag pointí nasctha neamh-mhéadraithe

| Pointe Nasctha Uimh. (i.e. 1ú, 2ú) | Seoladh an Phointe Nasctha (Suíomh beacht ag teastáil. m.sh. Taobh Amuigh de Theach Uimhir#) | Cineál Neamh-Mhéadraithe* | Cineál Trealaimh** | Vatacht Iarbhír | Féilire Uaireanta Oibrithe*** | Líon Gach Cineáil Trealaimh |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | |
| | | | | | | |
| | | | | | | |
| | | | | | | |
| | | | | | | |
| | | | | | | |
| | | | | | | |
| | | | | | | |

***Cineálacha Neamh-Mhéadraithe:** **Soilsiú Poiblí, Soilse Tráchta, Soilse Coisithe, Comharthaí Tráchta, Soilse Rabhaidh Scoile, Mullaird, Rabhcháin, Comharthaí Fógraíochta, Soilsiú Scríne, Scáthláin Bhus, Bothanna, Méadair Pháirceála, Fálta Leictreacha, Teilifís Chábla, Treiseoirí, Teilifís Chiorcaid Iata (TCI), srl.**

**Cineálacha Trealaimh, m.sh. Soilsiú: SOX (35/55/90/135 vata); SXHF(55 vata); SON (70/100/150/250/400/600 vata); LED srl.

***BHC: Féilire Uaireanta Oibrithe: + An tréimhse ama a mbeidh an soilsiú ar siúl lena linn, m.sh. DM=Titim na hOíche go Meán Oíche, DD=Titim na hOíche go hÉirí na Gréine, 24 Uair an Chloig.

## Síniú an úinéara/Sínitheoir údaraithe

Síniú: ______________________ Ainm Iomlán (BLOCLITREACHA): ______________________

Post: ______________________ Dáta: ______________________

**Glacann tú le coinníollacha ginearálta ESB Networks CGA maidir le nasc, agus le gach leasú orthu, a fhéadfaidh an Coimisiún um Rialáil Fóntais a fhaomhadh ó am go chéile.**

**Aontaíonn tú go ligfidh tú do ESB Networks CGA an líonra a nascadh le do chuid trealaimh. Admhaíonn tú go bhfuil sé de cheart againn custaiméirí eile a nascadh leis an líonra.**

**D'fhéadfadh sé go mbeadh fianaise ag teastáil uainn go bhfuil sé d'údarás agat an fhoirm seo a shíniú.**

## Cosaint sonraí

Déanfar sonraí pearsanta a thugann tú san fhoirm iarratais seo a nochtadh le páirtithe eile sna cásanna seo a leanas:

- **Úsáidfidh ESB Networks CGA an t-eolas a thugtar ar an bhfoirm seo chun críche do nasc soláthair leictreachais agus an líonra leictreachais a bhainistiú agus chun críche a fheidhmeanna mar Oibreoir an Chórais Dáileacháin a chomhlíonadh. Agus na feidhmeanna sin á gcomhlíonadh ag ESB Networks CGA, féadfaidh sé seirbhísí de chuid próiseálaithe sonraí tríú páirtí ar conradh a úsáid. Féadfaidh ESB Networks CGA do chuid sonraí a nochtadh leis na próiseálaithe sonraí tríú páirtí sin, nach ceadmhach dóibh do chuid sonraí a úsáid ach de réir na dtreoracha a thugann ESB Networks CGA dóibh. Éilítear orthu do chuid sonraí a choinneáil slán sábháilte, leis. Trí do lámh a chur leis an bhfoirm iarratais seo, tá tú ag toiliú go bhféadfar do chuid sonraí pearsanta a úsáid ar an gcaoi sin.**
- **Féadfaidh ESB Networks CGA a nochtadh le Cuideachtaí Ceadúnaithe Soláthair Leictreachais agus le páirtithe eile a bhfuil baint acu le do sholáthar leictreachais gurb ann do do nasc, chomh maith le suíomh agus/nó gnéithe teicniúla an naisc sin. I gcás naisc nua, cuirfidh ESB Networks CGA d'uimhir theagmhála fóin ar fáil do Chuideachtaí Ceadúnaithe Soláthair Leictreachais d'fhonn fuinnmhiú an naisc an éascú. Trí do lámh a chur leis an bhfoirm iarratais seo, tá tú ag toiliú go bhféadfar do chuid sonraí pearsanta a úsáid ar an gcaoi sin.**
- **Má dhéanann tú teagmháil linn le fuinnmhiú a iarraidh sula bhfaigheann tú soláthróir, beidh tú ag údarú do ESB Networks CGA na sonraí ar an bhfoirm seo a nochtadh don Soláthróir Leictreachais Poiblí, a bheidh mar do sholáthróir ansin. Trí do lámh a chur leis an bhfoirm iarratais seo, tá tú ag toiliú go bhféadfar do chuid sonraí pearsanta a úsáid ar an gcaoi sin.**
- **Tabhair do d'aire go bhféadfaidh sé go n-éileofar ar ESB Networks CGA leis an dlí, nó lenár ndualgais cheadúnais, sonraí atá i seilbh ESB Networks CGA fútsa, faoi do sholáthar leictreachais nó faoi do nasc a chur ar fáil do ghníomhaireachtaí nó ranna rialtais, don Choimisiún um Rialáil Fóntais nó do thríú páirtithe eile.**
- **Féadfaidh sé go dtabharfar sonraí teagmhála do chuideachta ghairmiúil taighde margaidh chun críche taighde a dhéanamh ar cé chomh sásta is atá tú leis na seirbhísí arna gcur ar fáil ag ESB Networks CGA. Féadfar an t-eolas sin a úsáid chomh maith leis na seirbhísí a chuirimid ar fáil mar Oibreoir an Chórais Dáileacháin a fheabhsú.**

**Tabhair do d'aire: Ní ghlacfaimid freagracht as moilleanna ná as botúin mura bhfuil an fhoirm iarratais seo comhlánaithe i gceart agat. Mura bhfuil an fhoirm chomhlánaithe i gceart, seolfar ar ais chugat í.**

**NB: NÁ DÉAN DEARMAD:**

- An fhoirm iarratais a shíniú agus dáta a chur léi
- Do léarscáil de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis agus do phlean láithreáin i gcomhair an naisc a chur faoi iamh.
- Na sonraí lódála a chomhlánú i gCuid 7
- Na sonraí teagmhála ar fad a líonadh isteach (is den ríthábhacht uimhir fóin bhailí a chur ar fáil)

**CUIR AN FHOIRM IARRATAIS AR AIS CHUIG:**

umr.dbase@esb.ie nó tríd an bpost chuig UMR, ESB NETWORKS CGA, BÓTHAR MHAINISTIR LAOISE, PORT LAOISE, CO. LAOISE. R32 HR02

**NÁ DÉAN DEARMAD!**

NÁ TÓG FAOI SHREANGA LEICTREACHAIS
NÁ GAR DÓIBH

**BÍ SÁBHÁILTE: FAN GLAN AR SHREANGA LEICTREACHAIS**

**ESB NETWORKS CGA**

**ESB Networks DAC**

**Stiúrthóirí:** Marguerite Sayers (Cathaoirleach), Nicholas Tarrant, Caroline Spillane, Ian Talbot, Michael Nolan.
**Oifig chláraithe:** 3 Gateway, Bóthar an Phoirt Thoir, Baile Átha Cliath 3, D03 R583, Éire
**Cláraithe in Éirinn**, Uimhir Chláraithe 465172

DOC-120117-CMJ Jan 2025 9806969-2